# LEABHRÁN EOLAIS D'IARRTHÓIRÍ

**BAINISTEOIR SINSEARACH CUMARSÁIDE (PRÍOMHOIFIGEACH CÚNTA)**

**AN DÁTA DEIRIDH: 15:00 - 30Ú EANÁIR 2026**

**Údarás: Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann**

**Suíomh: 26 – 27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2**

**Déan teagmháil le:** hazel@rplus.ie

**Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh**

# AN CLÁR

**Mar gheall ar Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI) ........................................................................3**

**Sonraíocht an Phoist.............................................................................................................................5**

**Príomhchoinníollacha Seirbhíse............................................................................................................9**

**Próiseas an Chomórtais......................................................................................................................14**

**Rúndacht............................................................................................................................................14**

**Na hAchtanna um Chosaint Sonraí,1988 and 2018 ..................................................................................16**

## Mar gheall ar Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI)

Is gníomhaireacht stáit é QQI atá freagrach as Cáilíocht, ionracas agus cáil chóras breisoideachais agus ardoideachais na hÉireann a chur chun cinn.

A chinntiú go mbainfidh foghlaimeoirí cáilíochtaí amach a bhfuil meas orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Eolas iontaofa ar na cáilíochtaí atá san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a chur ar fáil.

Tá roinnt feidhmeanna tábhachtacha ag QQI:

| **Cáilíochtaí** |
|---|
| I réimse na gcáilíochtaí, táimid freagrach as an CNC (An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí) deich leibhéal a chothabháil. Is comhlacht dámhachtana muid, leis, agus déanaimid caighdeáin na ndámhachtainí a dhéanaimid sa CNC a shocrú agus a athbhreithniú. Cuirimid comhairle ar fáil, leis, ar aitheantas do cháilíochtaí eachtracha in Éirinn agus ar aitheantas do cháilíochtaí Éireannacha thar lear. Foilsíonn QQI eolaire de sholáthraithe agus de dhámhachtainí an CNC. |

| **Dearbhú Cáilíochta** |
|---|
| Táimid freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá dearbhú cáilíochta i soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna, lena n-áirítear:<br>• ollscoileanna,<br>• institiúidí teicneolaíochta<br>• boird oideachais agus oiliúna (BOOnna)<br><br>Déanaimid cáilíochtaí soláthraithe sna hearnálacha príobháideacha breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna a dhearbhú, leis, agus ceadaímid cláir dá gcuid as a leanann dámhachtainí QQI. |

## Fís, Misean agus Luachanna QQI

### Ár bhFís

Táimid tiomanta d’fhís d’Éirinn ina seachadtar córas oideachais threasaigh atá solúbtha, freagrúil, agus dearbhaithe ó thaobh na cáilíochta de mar ar féidir le foghlaimeoirí a bheith muiníneach gur eispéireas foghlama d’ardchaighdeán a gheobhaidh siad agus go gcuirfear luach ar a gcuid cáilíochtaí, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

### Ár Misean

Cuirimid muinín agus iontaoibh an phobail chun cinn i gcáilíocht, ionracas agus dea-cháil chóras oideachais threasaigh na hÉireann trí:

• sláine an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí a chosaint,

• faisnéis údarásach agus chuimsitheach a sholáthar faoi cháilíochtaí agus deiseanna foghlama;

• rialáil agus treoir iontaofa a sholáthar,

• cáilíocht na soláthraithe agus a gclár a fheabhsú agus,

• tionchar a imirt ar athruithe ar chórais le léargais agus anailísí.

### Ár Luachanna

Is iad luachanna soiléire agus na cineálacha iompraíochta a ghabhann leo a rialaíonn ár gcur chuige i leith ár gcuid oibre féin agus an tslí a n-oibrímid lenár gcomhpháirtithe.

Is foras poiblí neamhspleách muid, a oibríonn laistigh de chreat leathan bheartas an Rialtais. Déanaimid ár n-údarás rialála a chur i bhfeidhm go trédhearcach, go cóir,  go neamhchlaonta agus go hoibiachtúil.

Tá meas againn ar ár bhfreagracht i bpáirt le daoine eile chun muinín a chinntiú agus feabhsú leanúnach a chur ar chúrsaí oideachais agus oiliúna. I gcomhpháirtíocht le daoine eile, tugaimid faoinár dtosaíochtaí agus ár ngníomhartha ar bhealach comhairleach, comhoibríoch agus cuimsitheach.

Glacaimid agus cothaímid muinín agus ionracas inár gcinnteoireacht agus inár mbeartais, inár ngnásanna agus inár rialúchán. Ar fhianaise agus ar dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhunaímid ár gcur chuige.

Tá an fhoghlaim agus an nuálaíocht i gcroílár a ndéanaimid agus an chaoi a ndearaimid ár gcórais agus ár bpróisis ghnó.. Cothaímid ár saineolas agus ár n-eolas agus foghlaimímid ónár gcomhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tionchar a imirt agus chun daoine a threorú, a chomhairliú agus chun cúrsaí a rialáil ar bhealach údarásach agus freagrúil.

Is mór againn taighde, léargas, agus anailís to chun ár dtosaíochtaí agus ár ngníomhartha a bhaint amach le tionchar dearfach agus intomhaiste.

## Ag obair do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Tugann gairm leis QQI deis uathúil chun seirbhísí agus rialáil thábhachtach a sholáthar ar fud na hearnála breisoideachais agus oiliúna agus san earnáil ardoideachais araon.

Mar chomhlacht reachtúil, tá ár bpríomhfheidhmeanna leagtha amach sa dlí, ach déantar ár dtosaíochtaí straitéiseacha agus ár n-imscaradh acmhainní a chinneadh gach trí bliana inár ráiteas straitéise, ina gcuirtear coinníollacha comhshaoil san áireamh. Leagtar ár dtosaíochtaí reatha amach sa Ráiteas Straitéise 2025-2027.

Dá réir sin, tá an tsraith príomhthosaíochtaí agus cumasóirí seo a leanas aitheanta againn chun ár gcuid oibre a threorú agus ár n-acmhainní a dhíriú thar shaolré na straitéise seo.

Tosaíocht straitéiseach – an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a chosaint don todhchaí

Tosaíocht straitéiseach – rialáil, treoirlínte, comhairle agus seirbhísí  iontaofa a sheachadadh

Tosaíocht straitéiseach – léargais, taighde agus anailís luachmhar ar fud an chórais a chomhroinnt

Tosaíocht straitéiseach – comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhoimhniú

Tosaíocht straitéiseach – eagraíocht athléimneach agus lúfar a chruthú

## Sonraíocht an Phoist

### Forbhreathnú ar an Ról

Beidh an Bainisteoir Sinsearach Cumarsáide, a thuairiscíonn do Cheann an Rannáin Comhpháirtíochtaí, i gceannas ar fhorbairt agus ar sheachadadh chlár cumarsáide straitéisí QQI, chun teachtaireachtaí soiléire, comhsheasmhacha agus lán tionchair a chinntiú ar fud na gcainéal uile. Tá an ról seo lárnach chun tuiscint phoiblí ar ról rialála QQI a fhorbairt agus cáilíocht agus sláine chóras oideachais bhreise agus ardoideachais na hÉireann a chur chun cinn. Beidh idir pleanáil straitéiseach agus cur i gcrích praiticiúil, lena n-áirítear cumarsáid inmheánach agus sheachtrach, caidreamh leis na meáin, rannpháirtíocht dhigiteach agus cumarsáid le geallsealbhóirí, ag teastáil sa phost.

Éilíonn an ról seo ceannaire cumarsáide cumas láidir breithiúnais straitéisigh mar aon le hardscileanna scríbhneoireachta aige nó aici. Léireoidh an t-iarrthóir rathúil an cumas faisnéis chasta agus theicniúil a léirmhíniú, agus anailís chriticiúil a chur i bhfeidhm chun teachtaireachtaí soiléire, cruinne agus lán tionchair a mhúnlú do ghrúpaí éagsúla lena n-áirítear soláthraithe oideachais agus oiliúna, an pobal, lucht déanta beartas agus na meáin.

Bainfidh sí/sé amach cothromaíocht idir tosaíochtaí iomaíocha i dtionscadal agus i réimsí ábhair iolracha, ionas go ndéantar cinntí eolacha faoi bhrú agus go mbíonn ailíniú ann i gcónaí le cuspóirí eagraíochtúla. Tá scileanna láidre idirphearsanta agus imeartha tionchair riachtanach chun muinín a chothú agus caidreamh comhoibríoch a chothú le raon leathan geallsealbhóirí, le cinntiú ní amháin go bhfuil an chumarsáid éifeachtach ach go bhfuil sí suite go straitéiseach chun tacú le misean QQI.

### Príomhfhreagrachtaí

- **Ceannaireacht straitéiseach** - straitéis chumarsáide QQI a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú go leanúnach i gcomhréir le spriocanna na heagraíochta. Cur chuige atá bunaithe ar fhianaise agus léargais sonraí a ionchorprú i ngach pleanáil agus meastóireacht cumarsáide. Treoir agus comhairle a chur ar fáil do chomhghleacaithe QQI maidir le gnéithe cumarsáide a gcuid oibre.
- **Bainistíocht foirne** - an fhoireann Chumarsáide a threorú agus páirt a ghlacadh i bpleanáil rannáin na gComhpháirtíochtaí Straitéiseacha.
- **Cumarsáid sheachtrach agus caidreamh leis na meáin** - gníomhú mar phríomhtheagmhálaí meán QQI, chun fiosrúcháin ó na meáin a bhainistiú agus caidreamh láidir leis na meáin a chothú. Maoirseacht a dhéanamh ar tháirgeadh ábhar ardchaighdeáin lena n-áirítear preasráitis, foilseacháin, páipéir eolais agus feachtais dhigiteacha.
- **Bainistíocht na meán digiteach agus sóisialta** - láithreacht dhigiteach QQI a threorú, chun dea-chleachtas in ábhar gréasáin, inrochtaineacht agus comhlíonadh na ceanglais Ghaeilge a chinntiú. Bealaí meán sóisialta a bhainistiú chun ábhar spriocdhírithe, mealltach a sheachadadh do ghrúpaí éagsúla.
- **Forbairt agus bainistíocht branda** - forbairt, cur i bhfeidhm agus maoirseacht aitheantas branda QQI a threorú, chun comhsheasmhacht, ionracas agus ailíniú le luachanna eagraíochtúla ar fud gach gníomhaíocht QQI, agus bealaí agus ábhar cumarsáide, a chinntiú.
- **Cumarsáid inmheánach** - rannpháirtíocht inmheánach a thiomáint trí chumarsáid shoiléir, thráthúil a ailíníonn foireann le misean agus tosaíochtaí straitéiseacha QQI.
- **Rannpháirtíocht le geallsealbhóirí** - comhoibriú ar fud Rannán na gComhpháirtíochtaí agus le rannáin eile de chuid QQI. Cúnamh a thabhairt don Rannán Oideachais Idirnáisiúnta chun plean cumarsáide a fhorbairt do Mharc Cáilíochta TrustEd Ireland. Dul i mbun oibre le comhpháirtithe seachtracha chun tacú le tionscnaimh rannpháirtíochta geallsealbhóirí. Caidreamh éifeachtach a choinneáil le ranna rialtais, gníomhaireachtaí earnála poiblí, soláthraithe oideachais agus oiliúna agus comhlachtaí ionadaíocha eile.
- **Bainistíocht géarchéime** - cumarsáid éigeandála a bhainistiú agus comhairle straitéiseach a sholáthar le linn géarchéimeanna.

- **Bainistíocht tionscadal** - tionscadail chumarsáide a threorú ón gcoincheap go dtí an mheastóireacht, chun seachadadh i gcomórtas le Príomhtháscairí Feidhmíochta a chinntiú.
- **Bainistíocht soláthair** - gníomhú mar an príomhtheagmhálaí do QQI lena líonra soláthraithe seirbhísí cumarsáide agus soláthraithe lena n-áirítear gníomhaireachtaí cruthaitheacha, dearthóirí, printéirí agus seirbhísí monatóireachta meán. A chinntiú go seachadann gach comhpháirtíocht sheachtrach aschuir ardchaighdeáin atá ailínithe le cuspóirí cumarsáide straitéiseacha QQI agus caighdeáin bhranda.
- **Rialachas agus comhlíonadh** - a chinntiú go gcloítear le brandáil, inrochtaineacht, Acht na dTeangacha Oifigiúla agus caighdeáin soláthair.

## Riachtanais

- Cáilíocht CNC leibhéal 8 ar a laghad i Margaíocht/Cumarsáid/Iriseoireacht nó i réimse gaolmhar.
- Sé bliana taithí ar a laghad i gcúrsaí cumarsáide, agus 5 bliana ar a laghad i ról bainistíochta sinsearaí,agus béim ar chaidreamh leis na meáin nó ar ghnóthaí poiblí más féidir.
- Teist chruthaithe i gcúrsaí cumarsáide straitéiseacha, i gcaidreamh leis na meáin, i ngnóthaí poiblí agus i rannpháirtíocht dhigiteach.
- Scileanna láidre ceannaireachta, bainistíochta tionscadal agus rannpháirtíochta le geallsealbhóirí.
- Cumas scríbhneoireachta agus eagarthóireachta den scoth le taithí ar ábhar inrochtana a chruthú mar gheall ar bheartais agus ar fheidhmeanna casta do ghrúpaí éagsúla.
- Taithí chruthaithe ar fhoireann chumarsáide a threorú agus a bhainistiú, treoir shoiléir a sholáthar, comhoibriú a chothú agus cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach i dtionscadail iolracha a chinntiú.
- Taithí ar straitéisí cumarsáide a fhorbairt agus a chur i gcrích, le béim láidir ar thomhas agus ar mheasúnú.
- Taithí léirithe ar shaincheisteanna íogaire a bhainistiú agus ar chumarsáid ghéarchéime a threorú, lena n-áirítear an cumas straitéisí mearfhreagartha a cheapadh agus a chur i bhfeidhm a chosnaíonn clú na heagraíochta agus a chothaíonn muinín na ngeallsealbhóirí.

## Taithí Inmhianaithe

- Cáilíocht iarchéime i gcúrsaí cumarsáide, margaíochta nó i ndisciplín gaolmhar.
- Ballraíocht in Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí /Institiúid Margaíochta na hÉireann
- Google Analytics
- Inniúlacht sa Ghaeilge.
- Taithí ag obair do nó le heagraíochtaí san earnáil phoiblí le tuiscint ar an tslí le straitéisí cumarsáide éifeachtacha a sheachadadh do gheallsealbhóirí éagsúla, agus aird á tabhairt ar chúinsí oibre lasmuigh.

Tá an tuairisc seo ar an bpost ceaptha mar threoir ghinearálta maidir le raon na ndualgas, agus níl sé cinntitheach ná sriantach. Forchoimeádann QQI an ceart chun baill foirne a shannadh laistigh de QQI de réir mar is cuí agus is gá.

## Cumais Riachtanacha

| CUMAS | SAMPLA DE PHRÍOMHSCILEANNA |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **<u>Ullmhacht don Todhchaí a Mhéadú</u>**<br>Is gá an cumas chun straitéis agus fís chuimsitheach a chruthú a bheidh ar comhchéim le hathruithe comhshaoil, sóisialta agus teicneolaíochta. Glacadh le cur chuige lúfar agus digiteach mar chéad rogha, ag tabhairt faoi bhreisoiliúint agus faoi fheabhsúcháin ar bhonn leanúnach chun éilimh anois agus feasta a chomhlíonadh. | • *Tiomantas d'fheabhsú leanúnach trí réitigh nuálacha, chruthaitheacha agus phraiticiúla a sheachadadh agus a chur chun cinn.*<br>• *Deiseanna forbartha a lorg go réamhghníomhach agus tá sé tiomanta do shaineolas, eolas agus scileanna a fhorbairt.*<br>• *Tuiscint do riachtanais na foirne, chun ullmhacht agus scileanna a thógáil amach anseo lena n-áirítear bainistiú a dhéanamh ar athrú agus socrú spriocanna.*<br>• *Cuidiú le forbairt agus le meastóireacht ar phleanáil straitéiseach agus tacú le straitéis agus beartas eagraíochtúil a fhorbairt.*<br>• *Sárscileanna TF agus digiteacha* |
| **<u>Seachadadh Feasach</u>**<br>Is gá an cumas chun breithiúnais agus cinntí atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh, cuspóirí a chur in ord tosaíochta agus acmhainní a bhainistiú go héifeachtach, trí úsáid a bhaint as faisnéis ábhartha chun an toradh seachadta a mheas chun an leas is mó a chinntiú don eagraíocht. | • *Clár oibre agus acmhainní a bhainistiú, úinéireacht a ghabháil ar thionscadail neamhspleácha dá c(h)uid féin agus obair fhoireann-bhunaithe a bhainistiú.*<br>• *Pleananna agus tosaíochtaí a leagadh síos nuair a bhíonn éilimh iomaíocha agus srianta acmhainní ann, agus féachaint chuige go bhfaightear torthaí.*<br>• *Solúbtha, lúfar agus athléimneach i bhfianaise na n-éileamh atá ag teacht chun cinn.*<br>• *Anailís agus meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar shonraí.*<br>• *Breithiúnais agus cinntí cothromaithe a dhéanamh, bunaithe ar fhianaise, faisnéis agus sonraí ábhartha.* |
| **<u>Ceannaireacht agus Cumhachtú</u>**<br>Is gá an cumas chun daoine eile a threorú, a spreagadh agus fís shoiléir a chruthú; tiomantas do chomhghleacaithe a fhorbairt, a thacú agus a chumasú chun a lánacmhainneacht a bhaint amach agus do thimpeallacht oibre dhearfach agus chuimsitheach a chruthú ina gcuirtear luach ar an méid ar chion an uile dhuine. | • *Soláthraítear treoir, trí léargais, eolas, fianaise agus réasúnaíocht a roinnt go hoscailte ar bhealach neamhtheicniúil.*<br>• *Spreagtar agus cumasaítear foirne i dtimpeallacht thacúil shábháilte ina dtugtar tacaíocht don chomhionannas, don éagsúlacht agus don chuimsiú.*<br>• *Treoraíonn agus tacaítear le daoine eile trí thréimhsí athraithe – ag déileáil le frithsheasmhacht, le húdair imní agus le haiseolas.*<br>• *Léirítear feasacht ar chúinsí atá ag athrú agus ar an gcumas dul in oiriúint*<br>• *Treoraítear le hionracas, macántacht, trédhearcacht agus cuntasacht*<br>• *Cuirtear fís agus spriocanna soiléire in iúl* |
| **<u>Cumarsáid agus Comhoibriú</u>**<br>Teastaíonn an cumas caidrimh a thógáil agus comhoibriú a chumasú le cur chuige comhcheangailte uile-eagraíochta a chumasú; teagmháil agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le geallsealbhóirí agus | • *Cumarsáid agus cur i láthair a dhéanamh ar bhealach soiléir, gairmiúil agus éifeachtach, i gcumarsáidí béil, digiteacha agus scríofa.*<br>• *Tuiscint ar a chur chuige cumarsáide féin, agus an stíl a chur in oiriúint don lucht éisteachta.* |

| | |
|---|---|
| comhghleacaithe chun muinín a fheabhsú agus a chothú. | • *Tionchar a imirt ar dhaoine eile agus rudaí a chur ina luí orthu go tuisceanach agus smaoineamh ar chomhréiteach nuair is gá.*<br>• *Dul i ngleic le plé, coinbhleacht nó caibidlíochtaí deacra agus meas á léiriú.*<br>• *Úsáidtear scileanna idirphearsanta chun caidrimh oibre a thógáil agus a chothabháil laistigh agus lasmuigh dá réimse féin agus den eagraíocht féin.*<br>• *Dul i dteagmháil agus i gcomhairle go rialta le páirtithe leasmhara ábhartha.*<br>• *Dul i dteagmháil go réamhghníomhach le daoine eile, i ngach cineál socrú oibre amhail cianobair, obair hibrideach, obair chumaisc nó obair oifigbhunaithe* |

## Sochair Fostaithe

Is mór againn ár bhfostaithe agus infheistímid ina sláinte, leas agus sábháilteacht ag an obair, agus déanaimid soláthar do Chlár Cúnaimh Fostaithe. Tugaimid tacaíocht agus spreagadh don fhoireann lena lánacmhainneacht a bhaint amach trí dheiseanna oideachais agus oiliúna. Cuirimid obair chumaisc/hibrideach, obair dhúshlánach agus tairbhí ar fáil freisin lena n-áirítear:

- Ballraíocht i Scéim Aoisliúntais
- Scéim Saoire Breoiteachta
- Obair ón mBaile
- Saoire Am Téarma
- Saoire Mháithreachais
- Saoire Tuismitheora
- Saoire Tuismitheoirí
- Sosanna Gairme
- Saoire Scrúduithe agus Staidéir

Déanaimid soláthar don iliomad roghanna coigilte cánach do sholáthraithe iompair éagsúla. Táimid páirteach sa scéim Rothar chun na hOibre agus éascaímid roinnt asbhaintí árachais sláinte agus asbhaintí párolla eile.

## Marc KeepWell

Tá aitheantas faighte ag QQI ó IBEC as a dháiríre atáimid faoi fholláine na bhfostaithe. Is aitheantas é an dámhachtain seo go dtugann an QQI tús áite d'fholláine na bhfostaithe i mbeartas na heagraíochta. Tríd an bhfeabhsú leanúnach atá á dhéanamh againn chun na caighdeáin arna socrú ag Ibec is údar mórtais dúinn go bhfuil Cuideachta na Bliana (FBM) 2024 bainte amach againn. Aithnítear tríd an ngradam seo ár dtiomantas don fheabhsú leanúnach, agus ár n-uaillmhian a bheith mar fhostóir céadrogha.

**Geallann QQI timpeallacht éagsúil a chruthú agus feidhmiú mar fhostóir comhdheiseanna. Déanfar breithniú ar fhostaíocht d'iarratasóirí gan aird ar inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil.**

Gheofar tuilleadh eolais ar obair Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ag www.qqi.ie

## Príomhchoinníollacha Seirbhíse

### Cuid 1 (Coinníollacha a bhaineann go sonrach leis an bpost seo)

**Pá**

Seo a leanas an scála tuarastail don phost seo:

€81,475, €84,475, €87,518, €90,569, €93,617, €95,375, (1) €98,449, (2) €101,535

- Tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an uasmhéid.
- Tar éis seirbhís shásúil 6 bliana ag an uasmhéid.

Féadfar breiseanna a dhámhadh faoi réir sheirbhís shásúil agus athruithe sna téarmaí agus coinníollacha maidir le breiseanna tuarastail sa Státseirbhís/Seirbhís Phoiblí i gcoitinne.

Féadfar an ráta pá a mhionathrú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.

### Tuarastal:

Déanfar an ceapachán ar an scála tuarastail ag pointe atá ar aon dul le beartas pá reatha an Rialtais. Tosóidh iontrálaithe nua isteach sa státseirbhís nó san earnáil phoiblí, mar a shainítear iad i gCiorclán 18/2010, ar an gcéad phointe den scála tuarastail.

Is féidir go mbeidh pá agus coinníollacha difriúla i bhfeidhm, má bhí an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina sheirbhíseach poiblí roimh an cheapachán.

### Saoire Bhliantúil:

30 lá oibre a bheidh sa tsaoire bhliantúil. Níl laethanta saoire phoiblí san áireamh ansin.

**Uaireanta Oibre agus Suíomh:**

26/27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2 an áit oibre. Tá socrú oibre hibrideach i bhfeidhm don ról seo. Beidh na huaireanta oibre de réir ghnáthshocruithe QQI agus ionann le líon uaireanta nach lú ná 35 (glan ar shosanna) sa tseachtain.

Ní íocfar aon suim bhreise as tinreamh breise toisc go gclúdaíonn an ráta luach saothair aon tinreamh breise eisceachtúil a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ó am go chéile.

## Cuid II (Coinníollacha eile a bhaineann le daoine a cheapfaí sa phost seo)

### Tionacht:

Post buan i QQI a bheidh anseo.

Ní mór don té a cheapfar tréimhse phromhaidh a chomhlíonadh, a mhairfidh sé mhí de ghnáth. Má bhíonn seirbhísí an cheapaí sásúil ó thaobh sláinte, iompar agus éifeachtúlacht i gcoitinne le linn na tréimhse promhaidh, ceapfar an duine sin ar bhonn buan ag deireadh na tréimhse. Má bhíonn an tseirbhís neamhshásúil, féadfar an ceapachán a fhoirceannadh uair ar bith le linn na tréimhse promhaidh.

### Dualgais:

Beifear ag súil go gcomhlíonfaidh an ceapaí gach gníomh, dualgas agus oibleagáid a ghabhann leis an bpost (a d'fhéadfaí a leasú ó am go chéile).

### Fostaíocht Lasmuigh den Eagraíocht

Post lánaimseartha é seo agus ní mór don té a cheapfar aon bhaint le fostaíocht/leasanna gnó lasmuigh a sheachaint, más amhlaidh go bhfuil siad nó go bhféadfaidís a bheith i gcoimhlint. Ní mór soiléiriú a iarraidh ón lucht bainistíochta má tá amhras ann.

### Saoire Bhreoiteachta:

Is féidir saoire bhreoiteachta ar phá iomlán a cheadú faoi lánrogha Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí de réir nósanna imeachta bunaithe agus coinníollacha don tseirbhís phoiblí i gcoitinne.

### Scor agus Aoisliúntas:

Tairgfear téarmaí pinsin agus coinníollacha aoise pinsin na seirbhíse poiblí don té a cheapfar de réir na socruithe pinsin sa QQI ag brath ar stádas an té a cheapfar:

a) I gcoitinne, beidh duine nach bhfuil aon stair seirbhíse poiblí inphinsin aici nó aige sna 26 seachtain roimh an cheapachán ina bhall den Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí (An Scéim Aonair) a thosaigh an 1 Eanáir 2013 (tagraíonn Alt 10 den Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 di);

b) Beidh duine ar bith atá ar iasacht ina bhall i gcónaí de scéim pinsin na máthairchuideachta agus bunófar an tuarastal inphinsin ar a ghrád nó a grád substaintiúil .i. an grád ag a bhfuil an duine sin fostaithe ina m(h)áthairchuideachta.

c) Duine ar bith a bhí ina bhall de "scéim pinsin seirbhíse poiblí atá ann cheana" mar a fhorléireofar san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 agus nach gcáilíonn do bhallraíocht sa Scéim Aonair, beidh sé nó sí ina bhall de Scéim Pinsin Foirne QQI agus de Scéim Ghaolmhar na gCéilí agus na Leanaí;

d) An uair a thairgfear an ceapachán, déanfaidh QQI i gcomhar leis an Roinn Oideachais & Scileanna agus an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe, más gá, i bhfianaise stair fostaíochta Sheirbhís Phoiblí an té a cheapfar roimhe seo agus/nó stair fostaíochta eile), na téarmaí agus coinníollacha cuí pinsin a chinnfidh a chuirfear i bhfeidhm go ceann thréimhse an cheapacháin. Ceanglaítear ar cheapaithe a stair iomlán seirbhíse poiblí a nochtadh. Cuirfear sonraí na bhforálacha cuí pinsin ar fáil nuair a chinnfear stádas an té a cheapfar;

e) De réir fhorálacha an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha). 2004, ní ceadmhach do bhaill foirne dul ar scor roimh a 65ú breithlá ach amháin más drochshláinte is cúis leis. Baineann socruithe scoir éagsúla le baill foirne a bhí fostaithe sa tseirbhís phoiblí roimh Acht 2004; is 70 an aois scoir uasta murach sin. Mar sin féin, is é an lá is luaithe a fhéadfaidh baill den *Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair' dul ar scor ná an lá a mbíonn siad i dteideal an Phinsin Ranníocach Stáit arna maoiniú ag a ranníocaíochtaí ÁSPC, is é sin an aois reatha 66.

**Nóta: Baineann an Scéim Aonair le hiontrálaithe céaduaire sa tseirbhís phoiblí a earcaíodh chuig poist inphinsin an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh.*

f) Ba chóir aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:

**Fabhrú Pinsin** Beidh teorainn 40 bliain ar sheirbhís iomlán a áireamh i leith pinsin i gcás ina mbaineann an duine le níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin atá ann cheana. Tháinig an Scéim Aonair, dá bhforáiltear san Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, isteach le héifeacht an 28 Iúil 2012. Is féidir go mbeidh impleachtaí aige sin d'aon cheapaí a bhfuil cearta pinsin faighte aici/aige i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

**Maolú Pinsin:** Leathnaíodh laghdú pinsin faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 ionas go ndéantar laghdú ar phinsean seirbhíse poiblí duine ar bith a théann ar ais isteach i bhfostaíocht seirbhíse poiblí, fiú nuair is i réimse difriúil den tseirbhís phoiblí an fhostaíocht nua. Ach más amhlaidh go raibh an té a cheapfar fostaithe sa státseirbhís roimhe seo agus gur bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe deonacha luathscoir (seachas Scéim Dreasaithe Luathscoir (ISER) nó VER/VRS Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a chuireann an duine as an áireamh don chomórtas, mar a mhínítear thíos), beidh deireadh leis an teidlíocht ar íoc an phinsin sin ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís a thug an té an cheapaí roimhe seo a chur san áireamh ar mhaithe le haon dámhachtain pinsin amach anseo dá gcáileodh an duine sin.

**Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna Imlitir 102/2007** Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll é den Scéim Luathscoir, ach amháin i gcásanna atá leagtha amach i bparaghraif 10.2 agus 10.3 den chiorclán reatha, agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le scor luath faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear í nó é ina dhiaidh sin in aon cháil in aon réimse den earnáil phoiblí, cuirfear deireadh láithreach le híoc pinsin an duine sin faoin scéim. .Atosófar den phinsean a íoc, más ea, ar chríoch na fostaíochta sin nó ar 60ú breithlá an duine sin, cibé acu is déanaí, ach ar a atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís inríofa iarbhír an duine sin mar mhúinteoir (.i. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe seo san áireamh agus an íocaíocht pinsin á ríomh).

**Scor de Dheasca Easláinte:** I gcás ina dtéann duine ar scor ó chomhlacht Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí ar chúiseanna easláinte is féidir go mbeidh a p(h)insean ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithniú de réir rialacha an scoir easláinte atá mar chuid de scéim pinsin na fostaíochta sin.

## Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais (RBA)

Déanfar an ceapachán seo faoi réir ASC i gcomhréir le beartas an rialtais gov.ie - Rátaí agus Tairseacha Athbhreithnithe maidir leis an Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais le héifeacht ón 1 Eanáir 2020 (www.gov.ie).

## Incháilitheacht chun dul san iomaíocht agus srianta áirithe ar incháilitheacht Riachtanais Saoránach.

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe a bheith i gceann de na grúpaí seo a leanas:

- Saoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, an Iorua agus Lichtinstéin atá i gceist leis an LEE; nó

- Saoránaigh de chuid na hEilvéise de bhua chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó

- Saoránaigh neamh-LEE atá ina chéile nó ina leanbh de shaoránach LEE nó Eilvéiseach agus a bhfuil víosa stampa 4 aige; nó

- Duine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta faighte aige faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó

- Saoránaigh neamh-LEE ar tuismitheoir í/é de leanbh cleithiúnach atá ina shaoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis agus a bhfuil cónaí air nó uirthi ann agus a bhfuil víosa stampa 4 aici/aige.

Nóta maidir le saoránaigh an RA: Deimhníodh san idirbheartaíocht AE/Breatimeacht RA a cuireadh i gcrích le déanaí go bhfuil an Comhaontú Comhlimistéar Taistil le fada an lá idir an RA agus Éire gan athrú tar éis an Bhreatimeachta. Dá réir sin, tá saoránaigh na RA incháilithe chun dul i mbun oibre agus cónaí in Éirinn gan srian agus, dá bharr sin, iarratas a dhéanamh chun dul isteach sa chomórtas seo i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta cáilitheachta eile go léir

**An Scéim Luathscoir Dreasaithe:**
Is coinníoll é den Scéim um Luathscor Dreasaithe (ISER), mar atá leagtha amach in Imlitir 12/09 na Roinne Airgeadais, toirmeasc a bheith ar lucht scoir, faoin scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní ghlacfar le hiarratais ó dhaoine atá ag baint leas as an scéim sin.

**Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010):**
Tugadh isteach le Ciorclán 7/2010 na Roinne Sláinte agus Leanaí den 1 Samhain 2010 Spriocscéim le haghaidh Luathscor Deonach (VER) agus Iomarcaíocht Dheonach (VRS). Is coinníoll den scéim VER é nach gcáileoidh daoine a bhaineann leas as an scéim le cur isteach ar athfhostaíocht san earnáil sláinte phoiblí nó san earnáil phoiblí i gcoitinne, nó i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach as cistí poiblí. Tá feidhm ag an gcosc céanna ar athfhostaíocht faoin scéim VRS ach ní mhairfidh an cosc ach go ceann seacht mbliana agus caithfidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe toiliú a thabhairt i gcás aon athfhostaithe ina dhiaidh sin. Daoine a bhain leas as aon cheann den dá scéim sin, ní cháileoidh siad chun dul isteach sa chomórtas seo.

**Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí**
Le litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 d'Oifigigh Pearsanra, tugadh isteach, le héifeacht ó 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann a rinneadh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta ex-gratia do sheirbhísigh phoiblí. Is coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú cáilithe lena n-athfhostú sa tseirbhís phoiblí in aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainítear sna Beartais Éigeandála Airgeadais sna hAchtanna um Leas an Phobail 2009-2011) go ceann dhá bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Ina dhiaidh sin beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de dhíth sula n-athfhostaítear an t-iarrthóir. Daoine a bhain leas as an scéim seo agus a d'fhéadfadh áit a bhaint amach sa chomórtas seo, beidh orthu a chruthú go gcáilíonn siad chun an post a ghlacadh (deireadh a bheith tagtha leis an tréimhse neamhcháilitheachta) agus beidh toiliú an Aire de dhíth sular féidir glacadh le haon fhostaíocht le comhlacht seirbhíse poiblí.

## Dearbhú stair fostaíochta seirbhíse poiblí roimhe seo:
Iarrfar ar an iarrthóir rathúil a dhearbhú cibé ar bhain siad leas roimhe seo as scéim seirbhíse poiblí do luathscor dreasachtaithe agus/nó as an gcomhaontú comhchoiteann atá luaite thuas. Beidh ar iarratasóirí a dhearbhú, leis, cibé an bhfuil aon teidlíocht acu ar phinsean seirbhíse poiblí (atá á íoc nó atá forchoimeádta) ó aon fhostaíocht seirbhíse poiblí eile agus/nó an bhfuair siad íocaíocht in áit seirbhíse in aon fhostaíocht seirbhíse poiblí.

## An Próiseas Iomaíochta

## Conas iarratas a dhéanamh:

Ba chóir iarratas a dhéanamh trí CV reatha agus litir chumhdaigh a chur isteach, mar aon le ráiteas tacaíochta mar a mhínítear thíos ina leagtar amach a oiriúnaí atá an t-iarrthóir don phost, i ríomhphost chuig Hazel Whelan, Recruitment Plus, hazel@rplus.ie tráth nach déanaí ná 3 a chlog tráthnóna an 30 Eanáir 2026.

**Ráiteas Tacaíochta:** Caithfear ráiteas tacaíochta a chur ar fáil - tabhair na cúiseanna a bhfuil tú ag cur isteach ar an bpost seo. Déan tagairt do na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa roinn “Eolas agus Taithí Riachtanach” agus mínigh an tslí a gcomhlíonann tú gach inniúlacht díobh trí shampla amháin ar a laghad a sholáthar (**250 focal ar a mhéad do gach sampla**).

Ceanglófar ar iarratasóirí dearbhú mar atá tugtha i bparagraf 11 a sholáthar.

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh.  Féadfar painéal a bhunú a mhairfidh go ceann 12 mhí.

## Modhanna Roghnúcháin

Is féidir iarrthóirí a ghearrliostú mar chuid den phróiseas roghnúcháin ar bhonn na faisnéise a chuireann siad ar fáil ar a bhfoirm iarratais agus in

- Agallamh (is féidir go n-iarrfar cur i láthair)
- teistiméireachtaí sásúla (ní dhéanfar teagmháil le teistiméirí gan comhaontú an iarrthóra a fháil roimh ré)

Forchoimeádann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann an ceart iarraidh ar iarrthóirí an dara hagallamh a dhéanamh.

## Gearrliostú

De ghnáth is mó iarratas a fhaightear ar phost ná an líon is gá chun folúntais atá anois ann agus folúntais todhchaí sa phost seo a líonadh.  I gcás ina gcomhlíonann iarrthóir riachtanais cháilitheachta an chomórtais, más amhlaidh go gcuireann líon chomh mór sin isteach ar an gcomórtas nach mbeadh sé praiticiúil an uile iarrthóir a chur faoi agallamh, féadann QQI cinneadh a dhéanamh gan ach líon beag a chur faoi agallamh. Maidir leis seo, déanann QQI soláthar le haghaidh próiseas gearrliostaithe chun grúpa a roghnú le cur faoi agallamh ar cosúil, bunaithe ar scrúdú ar na foirmeacha iarratais, gurb iad is oiriúnaí don phost. Scrúdóidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais i gcomparáid le critéir réamhshainithe bunaithe ar riachtanais an phoist. Ní hionann sin is a rá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach, nó éagumasach ar an bpost a dhéanamh, ach go bhfuil, ar an ócáid seo, roinnt iarrthóirí, ar bhonn a n-iarratas, atá cáilithe níos fearr, agus/nó a bhfuil taithí níos ábhartha acu. Mar sin is é do leas é cuntas mionsonraithe agus cruinn ar do cháilíochtaí/taithí a chur ar fáil i d’iarratas.

### Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, leasaithe, caithfear le gach iarratas mar iarratas faoi rún.

## Eolas tábhachtach eile

**<u>Ní</u>** bheidh QQI freagrach as aon chostais a thabhóidh iarrthóirí.

Ní chiallaíonn sé, má ghlactar le duine isteach i gcomórtas, nó má fhaigheann sí/sé cuireadh chun agallaimh, go bhfuil QQI sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an chomórtais nó nach bhfuil sí/sé dícháilithe faoin dlí don phost agus ní aon ráthaíocht é go mbreithneofar an t-iarratas tuilleadh. Tá sé tábhachtach, mar sin, go dtuigfeá gur ortsa an t-ualach a chinntiú go gcomhlíonann tú na riachtanais cháilitheachta don chomórtas sula dtagann tú chun agallaimh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála seo ach má thugann tú chun agallaimh, beidh tú ag tarraingt costais neamhriachtanacha ort féin.

Sula moltar iarrthóir ar bith a cheapadh sa phost seo, déanfaidh QQI gach fiosrú is dóigh atá riachtanach chun a fháil amach an bhfuil an t-iarrthóir oiriúnach. Ní féidir aon chinneadh deiridh a dhéanamh go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta curtha i gcrích, agus níor chóir a mheasadh ná glacadh leis go bhfuil an cinneadh déanta.

Má dhiúltaíonn an té a mholtar don phost glacadh leis an bpost, nó tar éis glacadh leis, má fhágann sí/sé é nó má thagann folúntas breise chun cinn, féadfaidh QQI, faoina lánrogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh, bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

## Oibleagáidí Iarrthóirí

Cuirtear in iúl d’iarrthóirí go ndícháileoidh canbhasáil agus go gcuirfear amach as an gcomórtas iad dá bharr.

Níor chóir d'iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a chur ar fáil go heolach nó go meargánta
- duine ar bith a chanbhasáil le spreagadh nó gan spreagadh
- cur isteach ar an bpróiseas nó dochar ar bith a dhéanamh dó

Ní ceadmhach do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas.

Duine ar bith a sháraíonn ceann de na forálacha thuas nó a chabhraíonn le duine ar bith aon cheann de na forálacha thuas a shárú, beidh sé nó sí ciontach i gcoir. Duine ar bith a fhaightear ciontach i gcion, dlífear fíneáil agus/nó téarma príosúnachta air/uirthi.

Anuas ar sin, i gcás ina raibh nó ina bhfuil duine a ciontaíodh i gcion ina iarrthóir sa phróiseas earcaíochta, ansin:

i gcás nár ceapadh é/í i bpost, dícháileofar é/í mar iarrthóir; agus i gcás inar ceapadh i ndiaidh an phróisis earcaíochta i dtrácht, caillfidh sé/sí an ceapachán sin.

### Iarrthóireacht a mheas mar iarrthóireacht tá tarraingthe siar
Iarrthóirí nach dtagann chun agallaimh nó scrúdaithe eile san áit agus ag an am a shocróidh QQI, nó nach soláthraíonn fianaise a iarrann QQI orthu, nuair a iarradh é, maidir le haon ghnó atá bainteach lena n-iarrthóireacht, ní bheidh siad i dteideal aon bhreithnithe eile.

### Seirbhís Cháilíochta do Chustaiméirí

Féachaimid le seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí uile. Má tá tú míshona, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a fuair tú uainn, iarraimid ort é sin a chur in iúl don aonad nó don bhall foirne i dtrácht. Tá tábhacht leis seo mar go gcinntíonn sé go mbímid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir linn gníomhú chun an fhadhb a réiteach.

Cuirfear aiseolas ar fáil ach iarratas a dhéanamh i scríbhinn.

## Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2018

Nuair a gheofar d'fhoirm iarratais, cruthófar taifead faoi d'ainm, ina gcoinneofar mórchuid den fhaisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil. Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil agus coinneoidh QQI eolas áirithe a chuireann tú ar fáil, má éiríonn leat sa chomórtas. Coinnítear an t-eolas sin faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2018. Chun iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2018, seol iarratas i scríbhinn chuig: Saoráidí, QQI, 26 – 27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2, agus cinntigh go ndéanann tú cur síos ar na taifid atá uait a mhéad is féidir chun gur féidir linn an taifead i dtrácht a shainaithint. Ba chóir €6.35 de tháille a chur leis an iarratas. Ba chóir an íocaíocht a dhéanamh i bhfoirm dréacht bainc, ordú airgid nó seic pearsanta, iníoctha le 'QQI'

## Ráiteas Príobháideachta an Iarratasóra Rialtóir Sonraí - Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

### Cuspóir na Próiseála

Seolann QQI próisis earcaíochta chun folúntais san eagraíocht a líonadh. Agus iarratasóirí ag cur isteach ar na comórtais seo, iarrtar orthu raon doiciméad a chur isteach, m.sh. foirm iarratais, CV agus/nó litir chlúdaigh.

| Faighteoir/Comhroinnte le | Cúis |
|---|---|
| Recruitment Plus/Acmhainní Daonna QQI | Iarratais a fháil agus a admháil agus comhfhreagras a dhéanamh le hiarratasóirí Is gá faisnéis áirithe le cur san áireamh i gconarthaí d'iarratasóirí a n-éiríonn leo |
| Bord Roghnúcháin | Faisnéis is gá don ghearrliostú agus don phróiseas agallaimh |
| Fostóir reatha | Seiceálacha ar shaoire bhreoiteachta agus seiceálacha ar theistiméirí i gcás iarratasóirí nach seirbhísigh phoiblí iad |

**Teidlíochtaí na nIarratasóirí**
Aithníonn go bhfuil teidlíochtaí ag iarratasóirí agus tá na teidlíochtaí sin leagtha amach thíos.

**Rochtain**
Féadfaidh iarratasóirí a gcuid sonraí a iarraidh agus a fháil uair ar bith agus cóip de na sonraí seo a iarraidh agus a fháil, i bhformáid leictreonach/inaistrithe.

**Léirscriosadh**
Féadfaidh iarratasóirí léirscriosadh na sonraí atá i seilbh a iarraidh.

**Ceartú**
Féadfaidh iarratasóirí ceartú a dhéanamh ar aon fhaisnéis mhícheart.

**Agóid**
Féadfaidh iarratasóirí agóid a dhéanamh in aghaidh phróiseáil na faisnéise seo.

**Gearáin**
Féadfaidh iarratasóirí gearán a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí “OCS” (sonraí teagmhála thíos) agus/nó gearán a dhéanamh leis an údarás cuí – an Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn

**Sonraí teagmhála OCS QQI**
**Ríomhphost:** dpo@qqi.ie

Nó

Oifigeach Cosanta Sonraí
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
26 – 27 Lána Denzille
Baile Átha Cliath 2.
D02 P299

### Gheofar tuilleadh eolas ar chosaint sonraí:

Ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara Cosanta Sonraí – www.dataprotection.ie

Déan teagmháil le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar an bhfón ar 1890 252231 nó le ríomhphost ar info@dataprotection.ie